

POBLACHT NA FRAINCE

An tAire Pleanála Spásúlachta agus
Dílraithe.

Iompar

DRÉACHT

Foraithne Uimh an

Foraithne maidir le sonraí agus faisnéis tráchta agus sábháilteachta bóthair dá dtagraítear in Airteagal L1513-2 den Chód Iompair chun Rialacháin (AE) 2022/670, (AE) 886/2013 agus (AE) 885/2013 agus Airteagail D1514-1, D1514-2 agus D1514-3 den Chód Iompair a chur i bhfeidhm

NOR:

Spriocphobal: Údaráis phóilíneachta tráchta, bainisteoirí fearainn bhóthair phoiblí, oibreoirí córas dolaí nó aon chineál eile íocaíochta as úsáid fearainn bhóthair phoiblí, eintitis dhlíthiúla a chuireann ar chumas dáileadh breoslaí nó breoslaí malartacha, oibreoirí limistéar páirceála, soláthraithe seirbhísí faisnéise fíor-ama maidir le trácht ar bhóithre agus a shábháilteacht, monaróirí mótarfheithiclí bóthair nó a n-ionadaithe údaráithe, úinéirí, fruilitheoirí fadtéarmacha agus tiománaithe mótarfheithiclí bóthair, soláthraithe seirbhísí cúnaimh taistil dhigiteach, fórsaí póilíneachta agus gendarmerie, seirbhísí dóiteáin agus tarrthála, údaráis eagraithe soghluaisteachta.

Ábhar: Sonraítear san Fhoraithne socruithe cur chun feidhme roinnt forálacha de Rialachán Uimh. 2022/670 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais a sholáthar, Rialachán Uimh. 886/2013 maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar, i gcás inar féidir, saor in aisce d'úsáideoirí, agus Rialachán Uimh. 885/2013 maidir le seirbhísí faisnéise a sholáthar d'áiteanna páirceála sábháilte slána do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála.

Baineann na socruithe mionsonraithe leis an sainmhíniú ar shealbhóirí sonraí agus ar úsáideoirí sonraí, leis an sainmhíniú ar shonraí digiteacha, leis na gréasáin bóithre a bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí imscartha faisnéise maidir leo, leis na módúlachtaí rochtana tríd an bpointe rochtana náisiúnta agus le saintréithe na sonraí agus na faisnéise, lena n-áirítear a meiteashonraí. Sonraítear sa Fhoraithne freisin Airteagail D1514-1, D1514-2 agus D1514-3 den Chód Iompair, maidir leis na heilimintí atá le soláthar don phointe rochtana náisiúnta ag monaróirí feithiclí bóthair mótarfheithiclí nó ag a n-ionadaí údaráithe.

Sonraítear san Fhoraithne freisin Airteagal L1513-2 den Chód Iompair maidir le hinrochtaineacht sonraí agus faisnéise bóithre.

Teacht i bhfeidhm: *tiocfaidh an téacs i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe san Iris Oifigiúil, cé is moite d'fhorálacha Airteagal D1514-4 den Chód Iompair, a thiocfaidh i bhfeidhm bliain amháin tar éis a fhoilsithe san Iris Oifigiúil.*

Cur i bhfeidhm: *Glactar forálacha na Foraithe de bhun Airteagal L1513-2 den Chód Iompair agus Rialacháin Tharmligthe (AE) 2022/670, Uimh. 885/2013 agus Uimh. 886/2013.*

An Príomh-Aire,

Ar thuarascáil ón Aire Pleanála Spásúlachta agus Díláráithe,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin;

Ag féachaint do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí;

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise;

Ag féachaint do Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadan le modhanna eile iompair;

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014;

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2022;

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 885/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013;

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 886/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013;

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013;

Ag féachaint don Chód Iompair, go háirithe Airteagail L1513-2, L1514-1, L1514-2 agus L1514-3 agus Airteagail D1514-1, D1514-2 agus D1514-3 de,

Ag féachaint do Dhlí Uimh. 78-17 an 6 Eanáir 1978, arna leasú, maidir le próiseáil sonraí, comhaid sonraí agus saoirsí aonair;

Ag féachaint don Forraithne Uimh. 75-360 an 15 Bealtaine 1975 maidir leis an gCoiste Idir-aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre

Ag féachaint d'Fhorraithne Uimh. 2015-474 an 27 Aibreán 2015 maidir le seirbhísí faisnéise a sholáthar i limistéir pháirceála do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála agus maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis tráchta a sholáthar a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre

Ag féachaint d'Fhorraithne Uimh. 2017-1517 an 30 Deireadh Fómhair 2017 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama a sholáthar;

Ag féachaint d'Fhorraithne Uimh. 2023-644 an 20 Iúil 2023 maidir le rochtain ar shonraí feithicle áirithe chun tionóiscí a chosc agus chun feabhas a chur ar an bhfreagairt ar thionóiscí, eolas agus mapáil ar bhonneagar bóithre agus ar a threalamh, agus eolas ar thrácht ar bhóithre;

Ag féachaint don tuairim ón mBuanghrúpa Idir-aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre an 14 Deireadh Fómhair 2024;

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Náisiúnta um Theicneolaíocht Faisnéise agus Saoirsí dar dáta (CNIL) XXX;

Ag féachaint don tuairim ón gComhairle Náisiúnta um Measúnú Caighdeán XXX;

Ag féachaint do thuairim Údarás Rialála Iompair XXX

Ag féachaint d'fhógra Uimh. a seoladh chuig an gCoimisiún Eorpach an XXX;

Foraitheanta leis seo:

Airteagal 1

Forlíontar Caibidil III de leabhar V de Chuid 1 den chuid rialála den Chód Iompair leis an roinn seo a leanas, ag léamh mar a leanas:

Roinn 1

‘Sonraí bóthair

‘Airteagal D1513-1.-Saintréithe agus meiteashonraí na sonraí agus na faisnéise dá dtagraítear in Airteagail 4, 5, 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2022/670, in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 agus Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 a shonróidh an tAire Iompair le hordú.’

‘Airteagal D1513-2.-Déanfar na ceanglais cháilíochta dá dtagraítear in 2(b) d’Airteagail 4, 5, 6 agus 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 a fhormheas le hordú ón Aire Iompair.

‘Airteagal D 1513-3.-Chun Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 885/2013, Uimh. 886/2013 agus 2022/670 a chur i bhfeidhm, is iad na sonraí dá dtagraítear in Airteagal L. 1513-2 den Chód Iompair na sonraí a bhaileofar agus a thaifeadfar i gcóras struchtúrtha faisnéise lena gcuirfear ar chumas feidhmchlár bogearraí sonraí sonracha a shainaithint, a aithint agus a aisghabháil.

‘Airteagal D1513-4. -Sonrófar na himeachtaí nó na himthosca a chumhdaítear leis na seirbhísí faisnéise tráchta íosta uilíocha a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre dá dtagraítear in

Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 le hordú comhpháirteach ón Aire Iompair agus ón Aire atá freagrach as sábháilteacht ar bhóithre.

‘Roinn 2

‘Inrochtaineacht ar shonraí bóthair arna mbailiú ag sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí

Airteagal D1513-5.-Maidir le cur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670, tá na nithe seo a leanas faoi réir oibleagáidí soláthair sonraí:

- i gcás sonraí a bhaineann le bonneagar: bainisteoirí an fhearainn bóithre phoiblí dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(1) den Chód Iompair, oibreoirí córas dolaí nó aon chineál íocaíochta eile i leith fearann an bhóthair phoiblí dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(3), daoine dlítheanacha a cheadaíonn dáileadh breoslaí nó breoslaí malartacha dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(4);
- maidir le sonraí a bhaineann le rialacháin agus srianta: na bainisteoirí fearainn bóithre poiblí dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(1) den Chód Iompair, na húdaráis a bhfuil na cumhachtaí póilíneachta tráchta dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(2) dílsithe dóibh, oibreoirí córas dolaí nó aon chineál íocaíochta eile as úsáid an fhearainn bóithre poiblí dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(3);
- maidir leis na sonraí a bhaineann le bail an ghréasáin: bainisteoirí an fhearainn bóthair phoiblí dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(1) den Chód Iompair, na húdaráis a infheistíodh le cumhachtaí póilíneachta tráchta dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(2), soláthraithe seirbhísí fíor-ama um thrácht ar bhóithre agus seirbhísí faisnéise sábháilteachta ar bhóithre dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(6) agus sealbhóirí sonraí ar bord, go háirithe monaróirí mótarfheithiclí talún nó a n-ionadaí údaráithe agus soláthraithe seirbhísí cúnaimh taistil dhigitigh dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(7);
- i gcás na sonraí a bhaineann le húsáid fíor-ama an ghréasáin: na bainisteoirí fearainn bóithre poiblí dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(1) den Chód Iompair, daoine dlítheanacha lena gcumasaítear dáileadh breoslaí nó breoslaí malartacha dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(4), oibreoirí na limistéar páirceála dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(5), soláthraithe seirbhísí faisnéise fíor-ama tráchta ar bhóithre agus sábháilteachta ar bhóithre dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(6) agus sealbhóirí sonraí ar bord, go háirithe monaróirí mótarfheithiclí bóthair nó a n-ionadaí údaráithe agus soláthraithe seirbhísí cúnaimh taistil dhigitigh dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(7).

Áirítear ar oibreoirí córas dola nó ar aon chineál eile íocaíochta as maoin bóthair phoiblí a úsáid dá dtagraítear in Airteagal L1513-2 den Chód Iompair, go háirithe, luchtairí dola mar a shainmhínítear in Airteagal R119-3 de Chód na mBóithre (CVR) agus soláthraithe seirbhíse dola mar a shainmhínítear in Airteagal R119-13 de Chód na mBóithre.

Áirítear go háirithe ar na daoine dlítheanacha lena gcumasaítear dáileadh breoslaí malartacha dá dtagraítear in Airteagal L1513-2 den Chód Iompair na feisteoirí agus na hoibreoirí pointí athbhreoslaithe a shainmhínítear in Airteagal D641-17 den Chód Fuinnimh agus na hoibreoirí soghluaisteachta dá dtagraítear in Airteagal 2 d’Fhoraithne Uimh. 2017-26 an 12 Eanáir 2017 maidir le bonneagar athluchtaithe d’fheithiclí leictreacha agus lena leagtar síos bearta éagsúla lena dtrasuitear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a imscaradh.

Chun Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 a chur i bhfeidhm, beidh oibreoirí na limistéar páirceála dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(5) den Chód Iompair agus soláthraithe seirbhísí faisnéise fíor-ama tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(6)

faoi réir na n-oibleagáidí soláthair sonraí. Déanfar an fhoráid ina gcaithfear na sonraí a sholáthar a shonrú le hordú ón Aire Iompair.

Chun Rialachán Tarmligthe (AE) 886/2013 a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag na hoibleagáidí sonraí a sholáthar maidir leis na bainisteoirí fearainn bóithre poiblí dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(1) den Chód Iompair agus maidir le soláthraithe seirbhísí faisnéise fíor-ama maidir le trácht ar bhóithre agus sábháilteacht ar bhóithre dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(6). Déanfar an fhoráid ina gcaithfear na sonraí a sholáthar a shonrú le hordú ón Aire Iompair.

‘Airteagal D1513-6.-Maidir le sonraí soláthraithe faisnéise tráchta fíor-ama agus seirbhísí faisnéise um shábháilteacht ar bhóithre dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(6) den Chód Iompair agus sonraí sealbhóirí sonraí infheithicle, go háirithe monaróirí mótarfheithiclí nó a n-ionadaí údaráithe agus soláthraithe na seirbhísí cúnamh taistil dhigitigh dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(7), a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670, beidh siad inrochtana d’aon bhainisteoir i bhfeirann bóthair poiblí dá dtagraítear in Airteagal L1513-2(1) den Chód Iompair tríd an bpointe rochtana náisiúnta a shainmhínítear in Airteagal D1513-11 den Chód Iompair, i gcás ina rannchuidíonn úsáid na sonraí sin le soláthar seirbhísí tráchta comhoiriúnacha, idir-inoibritheacha agus leanúnacha a éascú.

‘Airteagal D1513-7.-Déanfar an tseirbhís íosta faisnéise tráchta uilíoch a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre de réir bhrí Rialachán Uimh. 886/2013 a imscaradh ar mhótarbhealaí, ar an ngréasán bóithre cuimsitheach tras-Eorpach agus ar chodanna den ghréasán bóithre náisiúnta nach n-áirítear sa ghréasán sin.

Chun Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013, a chur i bhfeidhm, baineann na réimsí ina bhfuil gá le seirbhísí faisnéise maidir le háiteanna páirceála sábháilte agus slána a imscaradh, lena n-áirítear faisnéis dhinimiciúil, leis an ngréasán bóithre tras-Eorpach cuimsitheach. Sonrófar in ordú ón Aire iompair na líonraí breise ar a n-úsáidtear na seirbhísí céanna sin.

Chun Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag na hoibleagáidí a bhaineann leis na cineálacha sonraí dá dtagraítear i bpointí 2 agus 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 maidir leis an ngréasán bóithre iomlán atá inrochtana ag an bpobal le haghaidh tráchta mótarithe. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a bhaineann leis na cineálacha sonraí dá dtagraítear i bpointí 1, 3, 5 agus 6 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le bóithre sa ghréasán bóithre tras-Eorpach cuimsitheach agus maidir le mótarbhealaí nach bhfuil san áireamh sa ghréasán bóithre tras-Eorpach cuimsitheach agus, amhail ón 1 Eanáir 2028, maidir le bóithre seachas mótarbhealaí agus bóithre sa ghréasán bóithre tras-Eorpach cuimsitheach.

‘Airteagal D1513-8.-Sainmhínítear in ordú ón Aire Iompair na socruithe comhchuibhithe maidir le soláthraithe seirbhísí faisnéise bóthair an t-ábhar faisnéise a chuirtear ar fáil d’úsáideoirí de bhun Airteagail 4 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 a chur i láthair.’

‘Roinn 3

‘Na críocha chun rochtain a fháil ar shonraí bóthair

‘Airteagal D1513-9.-Sainmhínítear na críocha dá dtagraítear in Airteagal L1513-2 den Chód Iompair mar seo a leanas:

Comhfhreagraíonn comhoiriúnacht do chumas na gcóras idirghníomhú le córais atá ann cheana a bhfuil an cuspóir céanna acu, gan bac a chur ar fhorbairt teicneolaíochtaí nua.

Comhfhreagraíonn an idir-inoibritheacht do chumas na gcóras agus na mbunphróiseas tionsclaíoch sonraí a mhalartú agus faisnéis agus eolas a chomhroinnt chun a áirithiú go gcuirtear seirbhísí faisnéise fíor-ama tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre ar fáil go héifeachtach.

Comhfhreagraíonn an tslándáil d'fhíordheimhniú sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí, do shláine na sonraí agus na faisnéise a tharchuirtear agus dá hanaithnidiú. Cumhdaítear leis freisin sáruithe ar shonraí agus gníomhartha mailíseacha a bhrath agus faireachán a dhéanamh ar incháilitheacht sreafaí isteach.

Freagraíonn leanúnachas do sholáthar seirbhísí gan bhriseadh criticiúil, agus an measúnú ar an gcritéar sin á chur in oiriúint do shaintréithe na ngréasán iompair atá á mbreithniú.

'Roinn 5

'An pointe rochtana náisiúnta

Airteagal D1513-11.-Líostóidh an pointe rochtana náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013, in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 agus in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 na sonraí a bhfuil ar na sealbhóirí sonraí agus ar na húsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Fhorathne seo rochtain a chur ar fáil de bhun fhorálacha na Rialachán seo.

Chuirge sin, soláthróidh sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí an pointe rochtana náisiúnta leis an méid seo a leanas agus tabharfaidh siad cothrom le dáta é:

- na liostaí sonraí ar mian leo rochtain a thabhairt orthu;
- sonraí teagmhála an phointe rochtana nó na bpointí rochtana ar na sonraí sin;
- meiteashonraí lenar féidir leis an bpointe rochtana náisiúnta seirbhís cuardaigh sonraí a thairiscint.'

Sonrófar tréithe teicniúla an phointe rochtana náisiúnta agus tréithe teicniúla na meiteashonraí dá dtagraítear san Airteagal seo le hordú ón Aire Iompair.

Chun comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht sholáthar seirbhísí faisnéise tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre fíor-ama a éascú, measfar an oibleagáid sonraí a sholáthar i gcomhréir leis na formáidí Eorpacha a cheanglaítear le Rialachán Tharmligthe (AE) 2022/670, 885/2013 agus 886/2013 a bheith comhlíonta i gcás ina dtarchuirfidh an sealbhóir sonraí a shonraí chuig an bpointe rochtana náisiúnta i gcomhréir le téarmaí comhaontaithe um tharchur agus tiontú sonraí arna mholadh ag an Aireacht Iompair agus arna chomhaontú idir na páirtithe.

Féadfar na socruithe maidir le hinrochtaineacht na sonraí agus na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal L1513-2 den Chód Iompair maidir le sábháilteacht sholáthar na seirbhísí sin a shonrú le hordú ón Aire Iompair.'

Airteagal 2

Forlíontar Caibidil IV de leabhar V de Chuid 1 den chuid rialála den Chód Iompair leis an roinn seo a leanas, ag léamh mar a leanas:

'Airteagal D1514-4.-Soláthróidh monaróirí mótarfheithiclí bóthair nó a n-ionadaí údaráithe dá dtagraítear in Airteagail D1514-1, D1514-2 agus D1514-3 den Chód Iompair an pointe rochtana náisiúnta agus tabharfaidh siad cothrom le dáta:

- na liostaí sonraí ar mian leo rochtain a thabhairt orthu;
- sonraí teagmhála an phointe rochtana nó na bpointí rochtana ar na sonraí sin;
- meiteashonraí lenar féidir leis an bpointe rochtana náisiúnta seirbhís cuardaigh sonraí a thairiscint.'

Airteagal 3

In V d’Airteagal D1514-1 den Chód Iompair, in V agus IX d’Airteagal D1514-2 den Chód Iompair agus in V d’Airteagal D 1514-3 den Chód Iompair, cuirfear na focail ‘*in Airteagal 3 d’Fhóraithne Uimh. 2015-474 an 27 Aibreán 2015 maidir le soláthar seirbhísí faisnéise a bhaineann le hionaid pháirceála do thrucailí agus d’fheithiclí tráchtála agus maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar*’ in ionad na bhfocal ‘*in Airteagal D1514-4 den Chód Iompair*’.

Airteagal 4

Aisghairtear Forraithne Uimh. 2017-1517 an 30 Deireadh Fómhair 2017 maidir le soláthar seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama.

Aisghairtear Forraithne Uimh. 2015-474 an 27 Aibreán 2015 maidir le soláthar seirbhísí faisnéise ar ionaid pháirceála do thrucailí agus d’fheithiclí tráchtála agus maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Fhoráil seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *An Iris Oifigiúil*, cé is moite d'fhorálacha Airteagal D1514-4 den Chód Iompair dá bhforáiltear in Airteagal 2, a thiocfaidh i bhfeidhm bliain amháin tar éis a fhoilsithe san Iris Oifigiúil.

Arna dhátú

Ag an bPríomh-Aire:

An tAire Pleanála Spásúlachta agus Díláraithe,

An tAire Gnóthaí Baile

An tAire Iompair, atá ceangailte leis an Aire um Phleanáil Spásúlachta agus Dílárú,